



ORDÚ NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra)

12 Feabhra 2026*

(Caingean maidir le mainneachtain gníomhú – Iarratas ar urghaire – Iarratas ar bhearta idirlinne – Easpa ionadaíochta an iarratasóra – Iarratas nach bhfuil curtha ina cheart – Do-ghlacthacht fhollasach)

I gCás T-404/25,

Miguel Ángel Navarro Fernández, a bhfuil cónaí air i Maidrid (an Spáinn), atá ag déanamh ionadaíocht ar a shon féin,

iarratasóir,

v

Parlaimint na hEorpa,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: P. Škvařilová-Pelzl (Rapóirtéir), Uachtarán, I. Nömm agus R. Pezzuto, Breithiúna,

Cláraitheoir: V. Di Bucci,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

an tOrdú seo a leanas:

Ordú

- 1 Lena chaingean faoi, go bunúsach, Airteagail 265, 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Miguel Ángel Navarro Fernández, ar an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, a dhearbhu gur mhaínnigh Parlaimint na hEorpa go neamhdhleathach ordú a thabhairt don Choimisiún Eorpach imeachtaí um shárú a thionscnamh i gcoinne Ríocht na Spáinne mar gheall ar mheath leanúnach líonra Natura 2000 in Arganda del Rey (an Spáinn), ar an dara dul síos, ordú a thabhairt don Pharlaimint gníomhú laistigh de mhí amháin ar a mhéad tríd an gcomhad a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún nó, mar mhalairt air sin, trí chaingean a thionscnamh féin mar gheall ar

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

mhainneachtain gníomhú i gcoinne an iarratasóra, ar an tríú dul síos, ordú a thabhairt don Choimisiún cigireacht ar an láthair a dhéanamh, ar an gceathrú dul síos, a iarraidh ar Ríocht na Spáinne bearta cosanta fisiciúla a ghlacadh, go práinneach agus láithreach, i bhfabhar an iarratasóra agus a theaghlaigh agus, ar an gcúigiú dul síos, bearta idirlinne a ghlacadh.

An dlí

- 2 Faoi Airteagal 126 dá Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina bhfuil caingean do-ghlactha go follasach, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar moladh ón mBreitheamh is Rapóirtéir, tráth ar bith, breith a thabhairt ar an gcaingean trí ordú réasúnaithe gan aon chéim eile a thabhairt sna himeachtaí.
- 3 Sa chás seo, measann an Chúirt Ghinearálta go bhfuil dóthain faisnéise i gcomhad an cháis agus cinneann sí, i gcomhréir leis an Airteagal sin, breith a thabhairt ar an gcaingean gan céimeanna breise a ghlacadh sna himeachtaí.
- 4 Ba cheart a mheabhrú go leagtar síos leis an tríú mír agus an ceathrú mír d’Airteagal 19 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is infheidhme maidir le himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 53 den Reacht sin, dhá choinníoll ar leith agus charnacha maidir le hionadaíocht os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh ar pháirtithe nach gcumhdaítear leis an gcéad mhír agus leis an dara mír d’Airteagal 19, na ‘páirtithe nach bhfuil faoi phribhléid’ mar a thugtar orthu. De réir an chéad choinníll, a leagtar síos sa tríú mír d’Airteagal 19, ‘caithfidh [na páirtithe sin] dlíodóir a bheith acu chun feidhmiú ar a son’. Faoin dara coinníoll, a leagtar síos sa cheathrú mír den Airteagal sin, ní fhéadfaidh ach dlíodóir atá údaraithe chun cleachtaidh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stát eile is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ionadaíocht a dhéanamh do pháirtí nó cúnamh a thabhairt dó os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *Studio Legale Ughi e Nunziante v EUIPO*, C-776/22 P, EU:C:2025:644, mír 49, agus ordú an 30 Deireadh Fómhair 2025, *Arasteh v an Coimisiún*, C-590/25 P(R), nár foilsíodh, EU:C:2025:861, mír 10).
- 5 Is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais go bhforchuirtear leis an gcéad choinníoll carnach, a leagtar síos sa tríú mír d’Airteagal 19 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arb é atá ann an oibleagáid atá ar pháirtithe nach bhfuil faoi phribhléid ‘dlíodóir a bheith acu chun feidhmiú ar a son’, *inter alia*, toirmeasc ar ‘fhéin-ionadaíocht’ ag páirtithe nach bhfuil faoi phribhléid os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, is é sin le rá, ní fhéadfaidh na páirtithe sin, in imthosca ar bith, ionadaíocht a dhéanamh orthu féin (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *Studio Legale Ughi e Nunziante v EUIPO*, C-776/22 P, EU:C:2025:644, míreanna 58 agus 59; féach freisin, chuige sin, ordú an 30 Deireadh Fómhair 2025, *Arasteh v an Coimisiún*, C-590/25 P(R), nár foilsíodh, EU:C:2025:861, mír 11).
- 6 Ós rud é nach bhforáiltear d’aon mhaolú ná eisceacht ar an toirmeasc sin i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais nó i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ní leor iarratas arna shíniú ag an iarratasóir féin chun caingean a thabhairt os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh, fiú más dlíodóir é an t-iarratasóir atá i dteideal pléadail a dhéanamh os comhair cúirt náisiúnta (féach breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *Studio Legale Ughi e Nunziante v EUIPO*, C-776/22 P, EU:C:2025:644, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear; féach freisin, chuige sin, Ordú an 30 Deireadh Fómhair 2025, *Arasteh v an Coimisiún*, C-590/25 P(R), nár foilsíodh, EU:C:2025:861, mír 11).

- 7 Sa chás seo, cé go mbraitheann an t-iarratasóir ar a stádas mar dhlíodóir atá údaraithe pléadail os comhair chúirteanna na Spáinne, ní mór a mheas gur thionscain sé an chaingean ar a shíniú féin.
- 8 Mar sin féin, is léir freisin ón gcásdlí, i bhfianaise thromchúis na n-iarmhairtí a eascraíonn as sárú ar Airteagal 19 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an iarratasóir, eadhon an dearbhú doleigheasta go bhfuil a chaingean do-ghlactha, agus in éagmais léirithe sainráite dá mhalairt i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus sna Rialacha Nós Imeachta, nach mór don Chúirt Ghinearálta, má mheasann sí nach gcomhlíontar an toirmeasc ar ‘fhéinionadaíocht’ os a comhair, agus sula gcinntíodh sí go bhfuil an chaingean do-ghlactha, a iarraidh ar an iarratasóir dlíodóir nua a cheapadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *Studio Legale Ughi e Nunziante v EUIPO*, C-776/22 P, EU:C:2025:644, míreanna 75 go 79 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 9 Sa chás seo, an 21 Deireadh Fómhair 2025, sheol Clárlann na Cúirte Ginearálta an chéad iarraidh chuig an iarratasóir go gcuirfí an t-iarratas chun ionadaí nua a cheapadh, i gcomhréir le ceanglais Airteagal 19 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. D’fhreagair an t-iarratasóir sin le litir nár ainmnigh ionadaí, ach luaigh sé go raibh sé féin ag déanamh ionadaíocht ar a shon féin. An 20 Samhain 2025, chinn Uachtarán an Séú Dlísheomra den Chúirt Ghinearálta gan an doiciméad sin a áireamh sa chomhad.
- 10 An lá céanna, sheol Clárlann na Cúirte Ginearálta an dara hiarraidh chuig an iarratasóir go gcuirfí an t-iarratas ina cheart leis an ábhar céanna leis an iarratas roimhe sin. Níor fhreagair an t-iarratasóir.
- 11 I bhfianaise an mhéid sin thuas, ní mór an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith do-ghlactha go follasach.

Costais

- 12 Ós rud é go ndearnadh an t-ordú seo sular seirbheáladh an t-iarratas ar an bParlaimint agus sula bhféadfadh an Pharlaimint costais a thabhtú, is leor a chinneadh go n-íocfaidh an t-iarratasóir a chostais féin de bhun Airteagal 133 de na Rialacha Nós Imeachta.

Ar na forais sin,

ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

- 1. Díbhtear an chaingean mar chaingean atá do-ghlactha go follasach.**
- 2. Ordaítear do Miguel Ángel Navarro Fernández a chostais féin a íoc.**

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Feabhra 2026.

Cláraitheoir
V. Di Bucci

Uachtarán
P. Škvařilová-Pelzl